Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2023
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0138(COD)**
**2023/0137(CNS)**
**2023/0136(NLE)**

**16254/1/23**
**REV 1**

**LIMITE**

**ECOFIN 1321**
**UEM 426**
**CODEC 2354**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Athchóiriú Rialachais Eacnamaíoch:<br>– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle<br>– Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air<br>– Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta athbhreithnithe ón Uachtaránacht, agus an plé a rinneadh ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 5 Nollaig 2023 á chur san áireamh.

# I. RÉAMHRÁ

1. An 26 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún 'pacáiste athchóirithe rialachais eacnamaíoch' ina bhfuil trí thogra: (i) togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1],[2] (ii) togra reachtach le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air; agus (iii) togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát[3].

2. Tá an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 121(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Tá an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air bunaithe ar Airteagal 126(14), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir an nós imeachta reachtaigh speisialta. Tá an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát bunaithe ar Airteagal 126(14), an tríú fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar nós imeachta *sui generis*.

PUBLIC

[1] 8776/23 + ADD1
[2] 8777/23
[3] 8778/23

3. Foilsíodh measúnuithe siarbhreathnaitheacha maidir le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais i mí Feabhra 2020[4] agus i mí Dheireadh Fómhair 2021[5]. Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí a chríochnaigh an 31 Nollaig 2021 agus a fuair 225 aighneacht bhailí ó fhreagróirí i 25 thír éagsúla, lena n-áirítear 21 Bhallstát den Aontas agus 4 thír nach Ballstáit den Aontas iad[6].

## II. PRÍOMHEILIMINTÍ

4. Tá sé d'aidhm ag na tograí an inbhuanaitheacht fhioscach agus an fás inbhuanaithe a threisiú trí bhogadh chuig creat faireachais AE atá rioscabhunaithe a dhéanann idirdhealú idir na Ballstáit trí na fiachais phoiblí agus na dúshláin eacnamaíocha atá acu a chur san áireamh. Bunchloch den chreat atá beartaithe a bheadh sna pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha náisiúnta. Chomhtháthófaí iontu cuspóirí fioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta. Bheadh níos mó saoirse ag na Ballstáit ó thaobh a gconair ghlanchaiteachais fhioscach a shocrú, rud a neartódh úinéireacht náisiúnta a gcuid conairí fioscacha. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na pleananna sin bunaithe ar chreat comhchoiteann de chuid an Aontais i bhfianaise na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i measc comhaltaí aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Áiritheofaí ar an gcaoi sin freisin cóir chomhionann idir na Ballstáit agus comhsheasmhacht le tosaíochtaí coiteanna an Aontais.

---

[4] Teachtaireacht COM(2020) 55 final ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal *Economic governance review, Report on the application of Regulations (EU) No 1173/2011, 1174/2011, 1175/2011, 1176/2011, 1177/2011, 472/2013 and 473/2013 and on the suitability of Council Directive 2011/85/EU* [Athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch, Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011, 1174/2011, 1175/2011, 1176/2011, 1177/2011, 472/2013 agus 473/2013 agus maidir le hoiriúnacht Threoir 2011/85/AE ón gComhairle].

[5] Teachtaireacht COM(2021) 662 final ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *The EU economy after COVID-19: implications for economic governance* [Geilleagar an Aontais tar éis COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch].

[6] SWD(2022) 104 final

5. Dearbhaíodh sna Conclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais[7] gurb é deireadh na bliana an sprioc chun an obair reachtach a thabhairt i gcrích agus formhuiníodh an méid sin ina dhiaidh sin sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023[8], an 29 agus an 30 Meitheamh 2023[9] agus an 27 Deireadh Fómhair 2023[10].

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais na tograí le linn 29 gcruinniú ón 2 Bealtaine go dtí an 1 Nollaig 2023 faoi Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne. Tar éis an chéad bhabhta plé le linn an chéad seimeastair, phléigh Uachtaránacht na Spáinne gach airteagal sna téacsanna go léir. Go háirithe, i mí Iúil, scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais na forálacha gaolmhara seo a leanas sa chuid choisctheach: an Seimeastar Eorpach, forálacha coiteanna, gníomhartha tarmligthe, modheolaíocht, gnéithe institiúideacha, pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha, tuarascáil ar dhul chun cinn, clásail éalaithe, agus an próiseas agus an féilire. I mí Lúnasa, scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an Treoir agus i mí Mheán Fómhair scrúdaigh sí an chuid cheartaitheach chomh maith le forálacha coiteanna maidir le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha sna trí théacs dlí, forálacha maidir le misin faireachais sa chuid cheartaitheach agus forálacha maidir leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa chuid choisctheach. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair tíolacadh togra athbhreithnithe maidir leis an gcuid choisctheach le haghaidh 70 % den téacs. Ag tús mhí Dheireadh Fómhair, cuireadh leagan athbhreithnithe de 70 % den chuid cheartaitheach agus leagan iomlán den Treoir faoi bhráid Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais. Ar deireadh, i mí na Samhna rinneadh athbhreithniú ar na trí théacs iomlána i Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais. Tá an tAthbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch ar chlár oibre na gComhairlí Ecofin uile faoi Uachtaránacht na Spáinne agus rinne an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais é a phlé go mion.

[7] 6995/1/23
[8] EUCO 4/23
[9] EUCO 7/23
[10] EUCO 14/23

7. Bunaithe ar an bplé a rinneadh sna cruinnithe sin, agus ar na barúlacha i scríbhinn a fuarthas, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne na téacsanna comhréitigh mar a leagtar amach in 15874/23 + ADD1, 15876/23, agus 15396/23 iad.

8. Le linn chruinniú na meithle a tionóladh an 5 Nollaig 2023, chuir an Uachtaránacht na téacsanna comhréitigh faoi bhráid na mBallstát, agus chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad le rún na hUachtaránachta an comhad a bhogadh ar aghaidh agus a iarraidh ar an gComhairle an 8 Nollaig 2023 teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta.

9. Táthar ag feitheamh fós ar sheasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. D'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach a thuairim maidir leis na trí thogra uile an 5 Iúil 2023 (IO C 290, 18.8.2023, lgh. 17-25.).

10. Mura ndéanfaidh Coiste na mBuanionadaithe agóid ina gcoinne, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle 15874/23 + ADD1, 15876/23 agus 15396/23 ar fáil don phobal sula ndéanfaidh an Chomhairle iad a phlé.

PUBLIC

## III. CONCLÚID

11. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar go ndéanfadh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas:

    a. scrúdú a dhéanamh ar na téacsanna a leagtar amach in 15874/23 + ADD1, 15876/23, agus 15396/23 d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.

    b. a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 15874/23 + ADD1, 15876/23, agus 15396/23, agus a iarraidh ar an Uachtaránacht tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar an mbonn sin d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.

PUBLIC